

Tuarascáil faoi réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, forordaítear gurb é Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta faighteoir nochtaí cosanta maidir le gach ábhar a bhaineann le reachtaíocht arna forfheidhmiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach freisin as saotharlanna, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta a chreidiúnú trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú laistigh den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Is féidir le hoibrithe ábhartha nochtaí inmheánacha i dtaca leis an Údarás a dhéanamh chomh maith, mar a mhínítear leis an Acht.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú a leagann amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus na gníomhartha a rinneadh chun dul i ngleic leo. Ní mór foilseachán na sonraí sa tuarascáil a sholáthar ar bhealach a chosnaíonn céannacht na nochtóirí.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2023, fuair Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, i gcomhthéacs a ról mar dhuine forordaithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, 38 tuairisc ar éagóir líomhnaithe ó pháirtithe lasmuigh den Údarás a bhain le tríú páirtithe. Astu sin, rinneadh 17 dtuairisc ar éagóir go díreach leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus aistríodh 21 ó dhuine forordaithe eile. As na 38 tuairisc ar éagóir, measadh gur nochtadh cosanta iad 23 acu a bhí le himscrúdú faoi shainchúram an Údaráis. Rinneadh na nochtaí ar fad a threorú chuig cigirí de chuid an Údaráis ina dhiaidh sin lena n-imscrúdú. Tá naoi gcinn déag de na nochtaí a fuarthas in 2023 tugtha chun críche agus tá ceithre cinn fós faoi imscrúdú. Ní bhfuarthas aon nochtadh inmheánach.

Déantar miondealú sa tábla thíos ar na nochtaí cosanta a fuarthas in 2023, an líon imscrúduithe a osclaíodh mar thoradh ar na nochtaí cosanta, agus stádas agus torthaí na n-imscrúduithe a tugadh chun críche.

Tuairiscí ar éagóir a fuarthas in 2023	Uimhir
Tuairiscí a rinneadh go díreach leis an Údarás	19
Tuairiscí a tarchuireadh chuig an Údarás ó dhuine forordaithe eile nó ón Coimisinéir um Nochtadh Cosanta	21
Imscrúduithe a d'oscail an tÚdarás tar éis tuairiscí a fháil in 2023	23
Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás tar éis tuairiscí a fháil in 2023	17
Imscrúduithe agus imeachtaí a dhún an tÚdarás in 2023 tar éis tuairiscí a fháil roimh 2023	6

Mar gheall ar imscrúduithe agus imeachtaí a sheol an tÚdarás mar thoradh ar thuiriscí a fuarthas in 2023, agus a tháinig chun críche in 2023, seirbheáladh 28 Ordú Forfheidhmithe, lena n-áirítear 17 dTuairisc Iniúchta agus 11 Fhógra Feabhsúcháin.

Tugadh sé imscrúdú chun críche le linn 2023, a osclaíodh de bhun nochtadh cosanta a fuarthas in 2022 nó sna blianta roimhe sin agus a bhí fós ar siúl ar an 31 Nollaig 2022.